Gradam Phríomhchathracha na hEorpa um an gCuimsiú agus um an Éagsúlacht 2026 – Rialacha an Chomórtais

Clár Ábhar

Ábhar

1. CÚLRA AGUS CUSPÓIRÍ 2
2. GRADAM PHRÍOMHCHATHRACHAH NA hEORPA UM AN gCUIMSIÚ AGUS UM AN ÉAGSÚLACHT . 2
3. PRÓISEAS AGUS CRITÉIR CHUN BUAITEOIRÍ GHRADAM PHRÍOMHCHATHRACHA NA hEORPA UM AN gCUIMSIÚ AGUS UM AN ÉAGSÚLACHT 2026 AGUS AN GHRADAIM SHONRAIGH A CHINNEADH 2
   - 3.1 Comhdhéanamh an Ghiúiré Eorpaigh don ghradam ghinearálta 3
   - 3.2 Comhdhéanamh an Ghiúiré Eorpaigh don ghradam sonrach 3
   - 3.3 Critéir incháilitheachta 4
   - 3.4 Faisnéis bhreise 4
   - 3.5 Amlíne 5
4. AN PRÓISEAS MEASTÓIREACHTA 5
   - 4.1 Próiseas Roghnúcháin agus Meastóireachta 5
   - 4.2 Critéir dhámhachtana 6
5. SOCRUITHE AGUS DÁTAÍ DEIRIDH MAIDIR LE HIARRATAIS A CHUR ISTEACH 8
6. PRÓISEÁIL SONRAÍ PEARSANTA 9
7. FAISNÉIS BHREISE 9
8. IARSCRÍBHINNÍ 9

1. CÚLRA AGUS CUSPÓIRÍ

Tá iarracht déanta ag an gCoimisiún comhionannas a bhaint amach trí phlean gníomhaíochta frithchiníochas an Aontais Eorpaigh, 2020-2025, straitéis um chomhionannas LADTIA 2020-2025, Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025, Straitéis maidir le cearta daoine faoi mhíchumas 2021-2030, agus creat straitéiseach an Aontais le haghaidh chomhionannas, chuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach le haghaidh 2020-2030 a ghlacadh.

Gheall an Coimisiún sa phlean gníomhaíochta frithchiníochais 2020-2025 agus sa straitéis um chomhionannas LADTIA 2020-2025 ainmniú bliantúil Phríomhchathracha na hEorpa um an gCuimsiú agus um an Éagsúlacht a sheoladh. **Is é is aidhm do ghradam Phríomhchathracha na hEorpa um an gCuimsiú agus um an Éagsúlacht dea-chleachtais baile, cathrach nó réigiúin a aithint, cuir le feiceálacht na ndea-chleachtas sin agus aird a tharraingt orthu[1], ar dea-chleachtais iad a d'fhéadfadh a bheith ina bhfoinse inspioráide do chathracha Eorpacha eile maidir le timpeallachtaí níos éagsúla agus níos uilechuimsithí a chruthú dá saoránaigh.** Féachann sé le dea-chleachtais a aithint lena ndéantar an méid seo a leanas: éagsúlacht a chur chun cinn (ó thaobh gnéis, aoise, míchumais, féiniúlacht LADTIA, reiligiúin nó creidimh agus bunadh ciníoch nó eitneach) mar fhoinse saibhris agus nuálaíochta; rannchuidiú le beartais agus córais uilechuimsitheacha; agus muintearas a chothú i measc a saoránach uile.

2. GRADAM PHRÍOMHCHATHRACHAH NA hEORPA UM AN gCUIMSIÚ AGUS UM AN ÉAGSÚLACHT

Le gradam Phríomhchathracha na hEorpa um an gCuimsiú agus um an Éagsúlacht (dá ngairtear na gradaim thíos freisin) tabharfar aitheantas do thrí chathair in dhá chatagóir ar leith:

- údaráis áitiúla a bhfuil daonra níos lú ná 50 000 ina limistéar;
- údaráis áitiúla a bhfuil daonra os cionn 50 000 ina limistéar;

Beidh an chéad áit (buaiteoir aonair theideal Phríomhchathair na hEorpa um an gCuimsiú agus um an Éagsúlacht do bhliain ar leith), an dara háit agus an tríú háit i gceist leis an dá chatagóir. D'fhéadfadh sé go dtabharfaí moladh speisialta d'iarratasóirí freisin, ag brath ar an measúnú ar a n-iarrachtaí leanúnacha agus dearfacha i gcomhthéacsanna nó in imthosca atá thar a bheith dúshlánach, a bhféadfaí a mheas go dtugann na hiarrachtaí sin spreagadh do chathracha Eorpacha eile. D'fhéadfaí an moladh speisialta a thabhairt d'iarrthóir amháin ar a mhéad ar an ngearrliosta, le haghaidh an dá chatagóir ar leith.

Tá na gradaim oscailte do gach údarás áitiúil san Aontas (mar shampla bailte, cathracha, réigiúin srl.).

In 2026, tabharfar gradam sonrach freisin d'údaráis áitiúla a bhainfidh amach '**margaí saothair uilechuimsitheach do chách**'. Beidh trí bhuaiteoir sa chatagóir seo (an chéad áit, an dara háit agus an tríú háit). Ní chuirtear daonra limistéar an údaráis áitiúil san áireamh don ghradam sonrach nach bhfuil ach aon chatagóir amháin i gceist leis.

Is é an Coimisiún Eorpach a bhunaigh agus a d'fhoilsigh Rialacha reatha an Chomórtais, agus seolfaidh agus bainisteoidh sé an comórtas le tacaíocht ó Rúnaíocht sheachtrach Phríomhchathracha na hEorpa um an gCuimsiú agus um an Éagsúlacht.

3. PRÓISEAS AGUS CRITÉIR CHUN BUAITEOIRÍ GHRADAM

[1] Aon údarás áitiúil faoi stiúir comhlacht tofa.

PHRÍOMHCHATHRACHA NA hEORPA UM AN gCUIMSIÚ AGUS UM AN ÉAGSÚLACHT 2026 AGUS AN GHRADAIM SHONRAIGH A CHINNEADH

Beidh na hiarratais ar na gradaim faoi réir seiceáil incháilitheachta agus réamh-mheasúnú a dhéanfaidh saineolaithe neamhspleácha. Déanfaidh Giúiré Eorpach an cinneadh críochnaitheach agus bunóidh sé rangú críochnaitheach sa dá chatagóir ghinearálta (daonra níos lú ná 50 000 agus os a chionn) is amhlaidh a bheidh sé don ghradam sonrach.

Féadfaidh údaráis áitiúla iarratas a dhéanamh ar an gcomórtas ginearálta agus ar an ngradam sonrach araon.

3.1 Comhdhéanamh an Ghiúiré Eorpaigh don ghradam ghinearálta

Ceapfaidh an Coimisiún Eorpach na saineolaithe neamhspleácha don chéim réamh-mheasúnaithe agus baill den Ghiúiré Eorpach don chéim roghnúcháin chríochnaithigh. Beidh an Giúiré Eorpach comhdhéanta de chúigear ball ar a laghad a dhéanfaidh ionadaíocht ar eagraíochtaí neamhrialtasacha Eorpacha.

Déanfaidh comhaltaí an Ghiúiré Eorpaigh athbhreithniú ar thogra maidir le rangú a bhunóidh na saineolaithe neamhspleácha le linn na céime réamh-mheasúnaithe. Déanfaidh siad meastóireachtaí cáilíochtúla a chur san áireamh ina mheasúnú a bheidh bunaithe ar thuarascáil na saineolaithe neamhspleácha agus ar chur i bhfeidhm na gcritéar dámhachtana a leagtar amach i roinn 4.2 thíos. Roghnóidh siad trí údarás áitiúla i ngach catagóir den chomórtas ginearálta agus déanfaidh siad iad a rangú sa chéad áit, sa dara háit agus sa tríú háit.

Is daoine aonair iad baill an Ghiúiré Eorpaigh a cheaptar i gcáil phearsanta agus a ghníomhaíonn go neamhspleách agus ar mhaithe le leas an phobail. Déanann siad a gcúraimí *pro bono* agus faigheann siad tacaíocht ó Rúnaíocht na dámhachtana. Ní mór do dhaoine aonair a cheaptar mar bhaill den Ghiúiré Eorpach aon chúinsí a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le coinbhleacht leasa a nochtadh trí 'dearbhú nach bhfuil coinbhleacht leasa ann' a shíniú ag cruinniú an Ghiúiré Eorpaigh.

3.2 Comhdhéanamh an Ghiúiré Eorpaigh don ghradam sonrach

In 2026, bronnfaidh an Coimisiún Eorpach gradam sonrach **d'údaráis áitiúla a bhainfidh amach 'margaí saothair uilechuimsitheacha do chách'.** Beidh feidhm ag an bpróiseas céanna a úsáidtear don chomórtas ginearálta, arb é a bheidh ann measúnú ar chritéir incháilitheachta agus dhámhachtana.

Beidh cúigear ar a laghad ar an nGiúiré Eorpach don ghradam sonrach- 'margaí saothair uilechuimsitheacha do chách', cúigear a dhéanfaidh ionadaíocht ar eagraíochtaí neamhrialtasacha Eorpacha agus/nó ar pháirtithe leasmhara ábhartha náisiúnta agus Eorpacha eile.

Ceapfaidh an Coimisiún Eorpach an Giúiré Eorpach don ghradam sonrach- 'margaí saothair cuimsitheacha do chách' agus na saineolaithe neamhspleácha a bheidh i gceannas ar an gcéim réamh-mheasúnaithe.

Déanfaidh baill den Ghiúiré Eorpach don ghradam sonrach-'margaí saothair uilechuimsitheacha do chách' athbhreithniú ar thogra maidir le rangú a bheidh bunaithe ag na saineolaithe neamhspleácha le linn na céime réamh-mheasúnaithe. Déanfaidh meastóireachtaí cáilíochtúla a chur san áireamh ina mheasúnú a

bheidh bunaithe ar thuarascáil na saineolaithe neamhspleácha agus ar chur i bhfeidhm na gcritéar dámhachtana i roinn 4.2 thíos. Roghnóidh siad trí údarás áitiúla agus déanfaidh siad iad a rangú sa chéad áit, sa dara háit agus sa tríú háit.

Is daoine aonair a cheaptar i gcáil phearsanta iad baill den Ghiúiré Eorpach don ghradam sonrach-'margaí saothair uilechuimsitheacha do chách' agus gníomhaíonn siad go neamhspleách agus ar mhaithe le leas an phobail. Déanann siad a gcúraimí *pro bono* agus faigheann siad tacaíocht ó Rúnaíocht na dámhachtana. Ní mór do dhaoine aonair a cheaptar mar bhaill den Ghiúiré Eorpach don ghradam sonrach aon chúinsí a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le coinbhleacht leasa a nochtadh trí 'dearbhú nach bhfuil coinbhleacht leasa ann' a shíniú ag an gcruinniú den Ghiúiré Eorpach.

3.3 Critéir incháilitheachta

Tá an glao seo ar iarratais ar an gcomórtas oscailte do na hiarratasóirí seo a leanas:

3.3.1 **Ní mór don chomhlacht tíolactha a bheith ina údarás áitiúil** (baile, cathair nó réigiún etc.) i gceann de Bhallstáit an Aontais. Is éard a bheidh sa chomhlacht tíolactha aonad riaracháin atá á rialú ag comhairle cathrach nó ag cineál eile comhlachta rialtais a thoghtar go daonlathach. **Ní féidir le buaiteoirí na ngradam roimhe seo iarratas a dhéanamh sa bhliain 2026.**

3.3.2 **Líonfaidh na hiarratasóirí gach cuid den fhoirm iarratais choiteann** do ghradam Phríomhchathracha na hEorpa um an gCuimsiú agus um an Éagsúlacht 2026 (Iarscríbhinn I) agus ba cheart dóibh cloí leis na teorainneacha ó thaobh carachtar a shonraítear do gach roinn den fhoirm iarratais. Déanfaidh na hiarratasóirí ar an ngradam sonrach- 'margaí saothair uilechuimsitheacha do chách' an roinn ghaolmhar atá ann don ghradam sonrach (roinn H san fhoirm iarratais) a líonadh freisin . Ní chuirfear san áireamh aon charachtar atá os cionn na teorann sonraithe agus d'fhéadfadh go bhfágfar freagraí san iarratas neamhiomlán má chuirtear isteach carachtair atá os cionn na teorann sonraithe sin.

3.3.3 Ní mór na hiarratais **a líonadh agus a chur isteach tríd an bhfoirm iarratais ar líne faoin 30 Eanáir 2026 (12.00 CET).**

3.3.4 Ní mór do na hiarratasóirí **Dearbhú onóra (Iarscríbhinn III) a chur i gceangal a bheidh sínithe ag an Méara** nó ag an ionadaí is airde céim, atá údaraithe leis an dlí náisiúnta chun ionadaíocht dhlíthiúil a dhéanamh ar an mbaile/cathair/réigiún.

3.4 Faisnéis bhreise

Ba cheart an Nóta Treorach d'iarratasóirí (**Iarscríbhinn II**) a léamh in éineacht leis an bhfoirm iarratais do ghradam Phríomhchathracha na hEorpa um an gCuimsiú agus um an Éagsúlacht 2026.

Ina theannta sin, chun tacú lena n-iarratas, is féidir le hiarrthóirí cur i láthair PowerPoint ina mbeidh 10 sleamhnán a uaslódáil nó nasc a chur ar fáil chuig an cur i láthair PowerPoint sin chun láidreachtaí a n-iarratais a léiriú. Féadfar an cur i láthair sin a úsáid chun na hiarratasóirí ar an ngearrliosta a a chur chun

cinn le linn an tsearmanais Bronnta.

Is féidir na hiarratais a líonadh in aon cheann de theangacha oifigiúla an Aontais. déanfar iad a aistriú trí úsáid a bhaint as córas aistriúcháin uathoibrithe. Moltar d'iarratasóirí an t-iarratas a chur isteach i mBéarla más féidir, chun an próiseas lena ndéileálfar leis na tograí a éascú agus chun dlús a chur leis an bpróiseas meastóireachta.

Féadfaidh Rúnaíocht na dámhachtana dul i dteagmháil le heintitis áitiúla i gcás earráidí cléireachais agus/nó riaracháin nó i ndáil le doiciméid atá in easnamh.

3.5 Amlíne

Cúraimí	Fad tréimhse
Tús a chur leis an bpróiseas iarratais	Mí Dheireadh Fómhair 2025
Clabhsúr a chur ar an bpróiseas iarratais	30 Eanáir 2026 (12.00 CET)
Meastóireacht ag na saineolaithe neamhspleácha	Mí Feabhra 2026
Meastóireacht ag na Giúiréithe Eorpacha (Comórtas ginearálta agus gradam sonrach- 'margaí saothair uilechuimsitheacha do chách')	Mí an Mhárta 2026
Faisnéis d'iarratasóirí	Márta / Aibreán 2026
Searmanas ghradam Phríomhchathracha na hEorpa um an gCuimsiú agus um an Éagsúlacht 2026	An 21 Aibreán 2026

4. AN PRÓISEAS MEASTÓIREACHTA

4.1 Próiseas Roghnúcháin agus Meastóireachta

Tá roghnúchán na n-údarás áitiúil ar a mbronnfar an teideal Príomhchathracha na hEorpa um an gCuimsiú agus um an Éagsúlacht 2026 orthu agus an gradam sonrach- 'margaí saothair uilechuimsitheacha do chách', chomh maith leis an rangú críochnaitheach, bunaithe ar shraith chaighdeánach critéar meastóireachta chun comhsheasmhacht, trédhearcacht agus cothroime sa phróiseas a chinntiú.

Tá na critéir dhámhachtana, agus ualú na gcritéar sin, sonraithe i roinn 4.2. Maidir leis na hiarratasóirí nach bhfaigheann 60 pointe ar a laghad as a gcuid freagraí ar na ceisteanna a bhaineann leis an ngradam ginearálta, ní ghlacfar leo ag an gcéim den chomórtas ag a ndéanann an Giúiré Eorpach measúnú ar na hiarratais, bíodh sé sin don ghradam ginearálta nó don ghradam sonrach.

Beidh an roghnúchán le déanamh in dhá chéim: **réamh-mheasúnú** ó shaineolaithe neamhspleácha agus

roghnúchán críochnaitheach ar an leibhéal Eorpach ag an nGiúiré Eorpach. Forchoimeádann an Coimisiún Eorpach an ceart chun aon iarratasóir a eisiamh i gcás nach ndéanann iarratasóir na luachanna Eorpacha a leagtar amach in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach a urramú[2].

Déanfaidh Rúnaíocht na dámhachtana na hiarratais a gheofar a sheiceáil de réir na gceanglas foirmiúil agus dlíthiúil mar a leagtar amach i roinn 3.3 de na critéir incháilitheachta iad. Ní dhéanfar tuilleadh measúnaithe ar iarratais nach gcomhlíonann na ceanglais sin agus eisiafar ón gcomórtas iad.

- *Réamh-mheasúnú*

Is iad na saineolaithe neamhspleácha, a bheidh ceaptha ag an gCoimisiún Eorpach, a bheidh i mbun an chéim réamh-mheasúnaithe a chur i gcrích.

Maidir leis an réamh-mheasúnú a dhéanfaidh saineolaithe neamhspleácha ar na húdarás áitiúil, cuirfidh siad faoi bhráid na nGiúiréithe Eorpacha é i bhfoirm Tuarascáil Mheasúnachta, roimh chruinnithe an Ghiúiré Eorpaigh, agus beidh an Tuarascáil Mheasúnachta ina doiciméad cúlra le haghaidh phlé an Ghiúiré Eorpaigh.

Déanfaidh na saineolaithe neamhspleácha gearrliosta de 20 iarratas ar a mhéad (10 n-iarratas i ngach catagóir – údaráis áitiúla < nó > daonra 50 000) a chur i dtoll a chéile agus cuirfidh siad faoi bhráid bhaill na nGiúiréithe Eorpacha (an comórtas ginearálta) é ina dtuarascáil. Déanfaidh an Giúiré Eorpach 10 n-iarratas ar a mhéad a chur isteach sa tuarascáil a chuirfidh siad faoi bhráid an Ghiúiré Eorpaigh don ghradam sonrach- 'margaí saothair uilechuimsitheacha do chách'.

- *Roghnúchán Críochnaitheach / Plé An Ghiúiré Eorpaigh*

Tiocfaidh baill an Ghiúiré Eorpaigh le chéile sa Bhruiséil (nó ar líne) i mí an Mhárta 2026 chun an buaiteoir, an dara agus an tríú háit i ngach catagóir a ainmniú. Beidh a bplé bunaithe ar an Tuarascáil Mheasúnachta a bheidh faighte ag na saineolaithe neamhspleácha agus ar an gcur i bhfeidhm ar na critéir dhámhachtana a dhéanann siad (roinn 4.2 thíos).

- *Searmanas Bronnta*

Fógrófar buaiteoirí ghradam Phríomhchathracha na hEorpa um an gCuimsiú agus um an Éagsúlacht 2026 agus an ghradaim shonraigh- 'margaí saothair uilechuimsitheacha do chách' ag an Searmanas Bronnta sa Bhruiséil (nó ar líne) an 21 Aibreán 2026 agus ar shuíomh gréasáin an ghradaim. Tabharfar cuireadh do Mhéaraí/ionadaithe dlíthiúla na n-iarratasóirí buaiteacha ó gach catagóir teacht chun na Bruiséile (nó ar líne) chun páirt a ghlacadh sa Searmanas Bronnta agus chun a nduais a ghlacadh.

- *Aiseolas*

Féadfaidh aon cheann de na cathracha atá ar an ngearrliosta aiseolas a iarraidh maidir lena bhfuil ina n-iarratas agus cuirfear an t-aiseolas sin ar fáil de bhun na hiarrata sin.

4.2 Critéir dhámhachtana

[2] Sonraítear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach go bhfuil an tAontas 'fothaithe ar luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus an mheasa ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad'. Is comhluachanna ag na Ballstáit "sochaí ina bhfuil an t-iolrachas, an neamh-idirdhealú, an chaoinfhulaingt, an ceartas, an dlúthpháirtíocht agus an comhionannas idir mná agus fir i réim".

Déanfaidh na saineolaithe neamhspleácha agus an Giúiré Eorpach araon measúnú ar iarratais na n-údarás áitiúil is iarrthóirí bunaithe ar na critéir dhámhachtana seo a leanas:

Cineál agus raon feidhme na dtionscnamh

Tabharfaidh na hiarratasóirí tuairisc ar a bpríomhthionscnaimh chun aghaidh a thabhairt ar an éagsúlacht agus ar an gcuimsiú – cé acu atá siad curtha chun feidhme cheana nó á gcur chun feidhme i láthair na huaire. Déanfar tionscnaimh lena gcumhdaítear go cuimsitheach forais éagsúla idirdhealaithe (go háirithe, gnéas, aois, míchumas, bunadh eitneach nó ciníoch, reiligiún nó creideamh agus féiniúlacht LADTIA) agus lena léirítear cur chuige trasnach a bhreithniú go fabhrach.

Ba cheart go léireodh na hiarratais cur chuige comhleanúnach maidir leis an éagsúlacht agus leis an gcuimsiú ar fud réimsí beartais éagsúla agus fís uaillmhianach chun dul i ngleic leis an idirdhealú ar an leibhéal áitiúil.

Úinéireacht / leibhéal tiomantais

Ba cheart d'iarratasóirí creat na straitéise agus an bheartais a bunaíodh sa rialtas áitiúil chun aghaidh a thabhairt ar an éagsúlacht agus ar an gcuimsiú a leagan amach agus go léireoidh siad struchtúr chun an straitéis sin agus an beartas sin a chur chun feidhme. **Léireofar san iarratas gur cuid de straitéis chomhleanúnach nó de chreat beartais comhleanúnach iad na tionscnaimh, seachas a bheith ina dtionscadail *ad hoc* amháin.** Ní mór ráiteas beartais agus gealltanais maidir leis an éagsúlacht agus leis an gcuimsiú ar ardleibhéal freagrachta a bheith soiléir. Ba cheart an éagsúlacht agus an cuimsiú a phríomhshruthú i mbeartais, i gcláir agus/nó i rialacháin an údaráis áitiúil. Ba cheart eolas a thabhairt faoi struchtúir iomchuí chun na straitéisí agus na beartais sin a chur chun cinn, agus faoi acmhainní (foireann, buiséad, etc.) atá ceaptha agus leithdháilte chun iad a chur chun feidhme.

Tionchar

Beidh tionchar dearfach follasach ag tionscnaimh an údaráis áitiúil ar staid agus ar thaithí daoine ó ghrúpaí atá neamhchosanta ar idirdhealú, agus ar a gcáilíocht saoil go ginearálta. Leagfar amach na bealaí a bhfuil feabhas tagtha ar an saol do ghrúpaí atá neamhchosanta ar idirdhealú (ar na forais seo a leanas: gnéas, aois, míchumas, bunadh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, agus/nó féiniúlacht LADTIA), lena gcruthófar tuilleadh conas a théann na tionscnaimh chun tairbhe don phobal i gcoitinne. Déanfaidh na hiarratasóirí sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla a chur san áireamh ina n-iarratais, mar shampla, uimhreacha cinnte aschuir ó phríomhtháscairí feidhmíochta chun tacú lena bhfuil á mhaíomh acu i ndáil le tionchar a gcuid tionscnamh, agus sonróidh siad tionscnaimh phraiticiúla ina leith sin.

Cáilíocht agus inbhuanaitheacht na dtionscnamh

Sainmhínítear torthaí cháilíocht na héagsúlachta agus an chuimsithe ó thaobh feabhsuithe ar cháilíocht saoil grúpaí atá neamhchosanta ar idirdhealú (ar na forais seo a leanas: gnéas, bunadh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois, agus/nó féiniúlacht LADTIA), agus ó thaobh na mbealaí a bhfuil feabhas tagtha ar an saol do dhaoine sa phobal i gcoitinne. Déanfaidh iarratasóirí a leagan amach cé na táscairí agus na sásraí meastóireachta agus monatóireachta, mar shampla, meastóireachtaí nó iniúchtaí neamhspleácha coimisiúnaithe, a cuireadh i bhfeidhm chun cáilíocht na dtionscnamh agus a

gcomhlíontacht le caighdeáin agus reachtaíocht náisiúnta chomh maith lena n-ailíniú le straitéisí náisiúnta agus/nó Eorpacha a chinntiú.

Déanfaidh iarratasóirí a leagan amach cé na bearta atá déanta acu chun inbhuanaitheacht na dtionscnamh a rinneadh agus na dtorthaí a baineadh amach a chinntiú. Is éard atá i gceist le torthaí inbhuanaithe a bhaint amach leanúnachas iarrachta, cur i bhfeidhm an mhéid atá foghlamtha ó na tionscnaimh, agus seasmhacht maidir le hinfheistíocht a dhéanamh in acmhainní agus acmhainní a chur ar fáil chun na torthaí a bhaintear amach a bhuanú agus forbairt a dhéanamh orthu.

Rannpháirtíocht daoine atá neamhchosanta ar idirdhealú

Léireofar rannpháirtíocht ghníomhach shoiléir daoine atá neamhchosanta ar idirdhealú agus a n-eagraíochtaí ionadaíocha, chomh maith le saineolaithe ar an éagsúlacht, i bpleanáil, i gcur chun feidhme agus i meastóireacht thionscnaimh an údaráis áitiúil chun aghaidh a thabhairt ar an éagsúlacht agus ar an gcuimsiú. Tabharfaidh na hiarratasóirí breac-chuntas breise ar an gcaoi a gcuireann siad acmhainní ar fáil do na heagraíochtaí ionadaíocha sin agus ar gcaoi a dtacaíonn siad leo agus a gcuireann siad taca faoi rannpháirtíocht éifeachtach na n-eagraíochtaí ionadaíocha sin.

Critéar	**An líon uasta pointí**
Cineál agus raon feidhme na dtionscnamh	25
Úinéireacht / leibhéal tiomantais	25
Tionchar	20
Cáilíocht agus inbhuanaitheacht na dtionscnamh	15
Rannpháirtíocht daoine atá neamhchosanta ar idirdhealú	15
IOMLÁN	100

Maidir le húdaráis áitiúla atá san iomaíocht don ghradam sonrach- ‘margaí saothair uilechuimsitheacha do chách’, freagróidh siad an roinn ghinearálta agus an roinn don ghradam sonrach araon den fhoirm iarratais. Déanfar measúnú ar na húdaráis áitiúla don ghradam sonrach seo bunaithe ar an gcritéar dámhachtana amháin agus 25 phointe mar an líon uasta pointí.

5. SOCRUITHE AGUS DÁTAÍ DEIRIDH MAIDIR LE HIARRATAIS A CHUR ISTEACH

Is é an spriocam chun iarratais a chur isteach ar an gcomórtas an 30 Eanáir 2026 (12.00 CET) (GMT+ 1). Ní mór an fhoirm iarratais a líonadh ina hiomláine agus a chur isteach tríd an **uirlis ar líne amháin**.

Chun iarratas iomlán ar líne a chur isteach, ba cheart an méid seo a leanas a chur ar fáil:

- foirm iarratais ar líne atá líonta ina hiomláine (Iarscríbhinn I);
- an Dearbhú onóra (Iarscríbhinn III), ar cheart é a bheith sínithe ag an Méara nó ag an ionadaí is airde céim ar chéim atá údaraithe leis an dlí náisiúnta chun ionadaíocht dhlíthiúil a dhéanamh ar an gcathair/limistéar uirbeach agus ba cheart é a uaslódáil mar chuid den fhoirm iarratais.

6. PRÓISEÁIL SONRAÍ PEARSANTA

Tá an Coimisiún faoi cheangal ag Rialachán 2018/1725 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí agus comhlachtaí an Aontais. Déanfar sonraí pearsanta atá mar chuid den fhoirm iarratais a chuirtear isteach a phróiseáil i gcomhréir leis na rialacháin atá i bhfeidhm. Féadfaidh iarratasóirí, arna iarraidh sin i scríbhinn, rochtain a fháil ar a shonraí pearsanta agus aon eolas atá míchruinn nó neamhiomlán a cheartú. Údarófar don Choimisiún Eorpach an t-eolas seo a leanas a fhoilsiú nó tagairt a dhéanamh dó, i cibé foirm agus ar aon mheán nó trí mheán ar bith:

- ainmneacha na mbuaiteoirí;
- ábhar an ghradaim.

7. FAISNÉIS BHREISE

Déanann Rúnaíocht na dámhachtana, a reáchtálann an conraitheoir seachtrach, an próiseas iarratais, obair na saineolaithe neamhspleácha, agus obair an dá Ghiúiré Eorpacha a éascú. Cuidíonn an Rúnaíocht freisin le gníomhaíochtaí caidrimh phoiblí a bhaineann leis an scéim dhámhachtana trí shuíomh gréasáin an Ghradaim agus trí bhealaí cumarsáide éagsúla, mar shampla, bróisiúir, na meáin shóisialta, físeáin, srl.
Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Rúnaíocht trí ríomhphost: just-city-awards@ec.europa.eu

8. IARSCRÍBHINNÍ

I Foirm iarratais II

Nóta Treorach

III Dearbhú onóra